Gaeloideachas
Guth don Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Ceol sa Naíonra

Rannta agus amhráin ón dlúthdhiosca

Picnic Teidí

le Sadhbh Rosenstock

Cé mise?!

- Múinteoir i nGaelscoil; cumadóir; pianódóir; Mamaí.
- An-spéis agam sa cheol agus bím ag canadh leis na páistí sa bhaile agus ar scoil go minic!
- Chum mé na hamhráin agus na rannta don dlúthdhiosca Picnic Teidí agus mé ar shaoire mháithreachais le mo bheirt.
- Rinneamar taifeadadh ar an dlúthdhiosca i 2019 agus d'eisigh Gael Linn Picnic Teidí i mbliana.
- Tá guthanna páistí óga le cloisteáil ar beagnach gach traic, rud atá taitneamhach agus mealltach do pháistí.

Ceol sa Naíonra

- Rannta agus Amhráin
- Ealaín
- Drámaíocht
- Ócáidí Speisialta

Picnic Teidí



- Dlúthdhiosca nua do pháistí aois 0-9.
- Eisithe ag Gael Linn i mbliana.
- 24 amhrán agus rann nua-chumtha.
- Bunaithe ar ghnáth ghníomhaíochtaí i saol an pháiste –

  Fred Féileacán; Buataisí Nua; Siopa Milseán; Crandaí Bogadaí.
- Amhráin agus rannta spraíúla, simplí.
- Éasca le foghlaim le/gan tionlacan.

Rannta agus Amhráin

- Sealbhú teanga – gairdín, milseáin, buataisí, clós súgartha
- Forbairt teanga – Ag spraoi sa ghairdín; Ag dul chuig an siopa; Cad a cheannóidh mé ann?; Tá buataisí nua agamsa; Léim sa phuiteach
- Bunscileanna uimhearthachta a fhorbairt – Can é sin uair amháin/ dhá uair…;

  Can véarsa a haon/a dó arís; A haon, a dó, a trí, is fol dol dí!
- Scileanna litearthachta a fhorbairt – Cabhraíonn amhráin agus rannta le líofacht
- Scileanna sóisialta, scileanna fisiciúla agus mothúchánacha a fhorbairt

Rannta sa Naíonra

- Cnaguirlisí (fíor chinn nó cinn atá déanta ag na páistí)
- Rithim ag úsáid do chorp/ag siúl timpeall an ranga/sa chlós
- Bualadh bos/gread cos



Amhráin sa Naíonra

- Is féidir an dlúthdhiosca a sheinnt i rith an lae agus na páistí ag súgradh, ag ithe, i mbun ealaíne
- Tá na focail 'sna hamhráin simplí le foghlaim, le saibhreas agus athrá, chomh maith
- Siollaí gaoithe a chabhraíonn leis an rithim, foghraíocht agus spraoi!

  Haigh di didil di di; Fol dol dí; Ab-aba-bú

- Cuir **geáitsí** leis na hamhráin agus rannta más féidir leat

Geáitsí sa Naíonra

- Cabhraíonn geáitsí le:

♫ Aird na bpáistí a dhíriú

♫ Cuimhne an pháiste

♫ Éisteacht agus iad ag díriú ar an gceol

♫ Scileanna mínluaile agus oll-luaile a fhorbairt

♫ Comhordú lámh agus súl

♫ Treoracha a leanúint

♫ Focail a fhoghlaim agus a thuiscint

♫ Spraoi agus taitneamh!

Ealaín agus Ceol

- Pictiúr a tharraingt mar fhreagra ar an amhrán nó rann
- Pictiúr a dhathú isteach bunaithe ar an amhrán nó rann
- Físeán beag a dhéanamh le dul leis an gceol
- Carachtar ón amhrán a chruthú/a dhearadh sa rang ealaíne

  (m.sh: Fred Féileacán; Bríd Bóin Dé; Síle Sióg)

Ealaín agus Ceol

Fred Féileacán

Bríd Bóín Dé

Síle Sióg

An Sorcas

Eilifint is moncaí fiú

Fear grinn le hata buí

Cat ag léim ar thrampailín

Teidí mór, buí is donn

Amhráin/Rannta agus Drámaíocht

- Geáitsí
- Puipéad nó teidí
- Beirt ag canadh/athrá rann
- Féinmhuinín an pháiste a ardú
- Spórt agus spraoi sa rang
- Cairdeas agus caidreamh a chruthú sa rang

Ceol sa seomra ranga



- Seinn an dlúthdhiosca go minic i rith an lae
- Páistí ag foghlaim i ngan fhios dóibh
- Frása nó abairt na seachtaine mar sprioc
- Ag am súgartha
- Ag am ealaíne
- Ag am lóin
- Ag am glanadh suas

Ceol taobh amuigh den seomra ranga

- Tá na hamhráin agus rannta éasca le canadh/rá gan tionlacan taobh amuigh
- Sa chlós
- Ag dul ag siúl
- Tóraíocht taisce
- Sa chlós súgartha
- Ar an mbus
- Geáitsí/bualadh bos/gread cos

Ócáidí Speisialta

- Oíche Shamhna
- An Nollaig
- An Cháisc
- *Laethanta Breithe*
- *Sióg na bhfiacla*
- *An Sneachta*
- *Siopa Milseán*

Ócáidí Speisialta

- Oíche Shamhna

- Mo Bhreithlá

Go raibh míle maith agaibh!

- www.gael-linn.ie
- www.siopaleabhar.com